2015. S.24AT

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015***

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*

## 1. PICTIÚIR

***PICTIÚR A.***




Foinse: tripadvisor.com

## *PICTIÚR B.*



Foinse : www.getting-medieval.com/

## *PICTIÚR C.*




Foinse : rte.ie

**2. DOICIMÉID**

**DOICIMÉAD 1**

**Sliocht as óráid a chraol Stailín, ceannaire an APSS, ar 22 Meitheamh 1941**

A Chomrádaithe! An t-ionsaí míleata a rinne an Ghearmáin faoi cheannas Hitler ar ár n-athartha agus a thosaigh ar 22 Meitheamh, leanann sé ar aghaidh. Tá baol mór ag bagairt ar ár dtír. Tá seilbh glactha ar chuid dár gcríocha i gcúinsí a bhí fabhrach d'fhórsaí na Gearmáine agus mífhabhrach d'fhórsaí Sóivéadacha. Faoi mar a tharla, bhí trúpaí na Gearmáine slógtha go hiomlán cheana féin agus tugtha chuig na teorainneacha Sóivéadacha, iad réidh go hiomlán agus gan iad ach ag fanacht le comhartha chun dul i mbun gnímh. Os a choinne sin, ní raibh mórán ama ag na trúpaí Sóivéadacha slógadh agus gluaiseacht go dtí na teorainneacha.

An rud atá tábhachtach ná gur sháraigh an Ghearmáin Fhaisisteach go tobann agus go fealltach an socrú neamhionsaithe a comhaontaíodh in 1939 leis an APSS. Cad a bhaineamar amach ó shocrú neamhionsaithe a chomhaontú leis an nGearmáin? Bhaineamar amach síocháin dár dtír a mhair bliain go leith agus an deis ár gcuid fórsaí a ullmhú chun an ruaig a chur ar an nGearmáin Fhaisisteach dá rachadh Hitler sa seans agus ionsaí a dhéanamh ar ár dtír.

Cad atá ag teastáil chun deireadh a chur leis an mbaol atá ag bagairt ar ár dtír, agus cad iad na bearta nach mór a dhéanamh chun an namhaid a scriosadh? Ní mór ár gcuid oibre go léir a dhíriú ar an gcogadh; ní mór tús áite a thabhairt do leas fhronta an chogaidh agus don obair a bhaineann le scrios an namhad a eagrú. Sna limistéir atá i seilbh an namhad, ní mór aonaid treallchogaíochta a bhunú chun droichid agus bóithre a phléascadh, chun damáiste a dhéanamh do línte teileafóin agus teileagraif agus chun foraoisí, stórtha agus córais iompair a chur trí thine. Ar aghaidh linn chun ár gcaithréime!

www.greatspeeches.net/

**DOICIMÉAD 2**

**Tugann Emmet Dalton breac-chuntas ar na cúiseanna a ndeachaigh sé isteach in arm na Breataine chun troid sa Chéad Chogadh Domhanda agus cuireann sé síos ar fhreagairt a athar nuair a chonaic sé a mhac in éide arm na Breataine.**

Chuaigh mé isteach san arm ar bhealach neamhghnách. Bhí comhrá agam le Joseph Devlin, cara le m'athair, a bhí ar son na hearcaíochta ag an am sin agus d'inis mé dó go raibh fonn orm a bheith páirteach sa Bhriogáid Éireannach. Thug sé leis mé chuig an bhfear a bhí i mbun earcaíochta. Bhí oifig aigesean ag bun Shráid Grafton. Más buan mo chuimhne, McCarton Filgate ab ainm dó. Thug sé foirm iarratais dom le comhlánú i gcomhair coimisiún sealadach in arm na Breataine. I ndeireadh na bliana 1915, fuair mé coimisiún sealadach mar Dhara Leifteanant i 7ú Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath a dtugtaí 'Pal's Battalion' orthu ag an am.

**Nuair a chuaigh tú isteach in arm na Breataine, ar mhothaigh tú go raibh tú ag troid ar son na Breataine, na hÉireann nó na Beilge bige?**
Na trí cinn acu ach, go príomha, mhothaigh mé go raibh mé ag troid ar son na hÉireann. Ba Bhriogáid Éireannach a bhí ionainn a thabharfadh tacaíocht i gcónaí don troid ar son tíortha beaga agus ba thír bheag í an Bheilg a d'fhulaing go huafásach má b'fhíor an méid a dúradh linn. Chruthaigh sé sin atmaisféar comhbhách inár measc go léir.

**Fear an-óg a bhí ionat; go deimhin, ní raibh tú ach i do stócach agus dá bhrí sin caithfidh sé go raibh baint éigin ag eachtraíocht leis.**
Cinnte, bhí mé 17 ach bhí orm a mhaíomh go raibh mé 18. Mhothaigh mé gur ann ba dhual dom a bheith. Bhí m'athair ar son na hÉireann chomh maith le bheith in aghaidh na Breataine. Níor inis mé dó cad a bhí déanta agam. Fuair sé amach faoi den chéad uair nuair a shiúil mé isteach sa teach sa bhaile agus mé gléasta mar Dhara Leifteanant.

**Cén dearcadh a bhí aigesean?**
Dúirt sé liom imeacht, mar nach raibh aon diabhal de chóta dearg ag teacht isteach ina theach. Bhí mo mháthair le báiní. Tar éis tamaill, chiúnaíomar an seanfhear agus tugadh cead isteach sa teach dom.

***Sliocht coimrithe as clár faisnéise de chuid RTÉ a craoladh den chéad uair 07/07/1978***